C/2025/3003

27.5.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12007 — STONE POINT / GTCR / ULTIMUS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/3003)

1. An 19 Bealtaine 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Stone Point Capital LLC ('Stone Point', na Stáit Aontaithe),

— GTCR LLC ('GTCR', na Stáit Aontaithe), a bhfuil rialú aonair aige ar Ultimus Group LLC ('Ultimus', na Stáit Aontaithe) faoi láthair.

Gheobhaidh Stone Point agus GTCR rialú comhpháirteach ar Ultimus de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta é Stone Point atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, agus díríonn sé ar infheistíochtaí i gcuideachtaí i dtionscal na seirbhísí airgeadais domhanda agus in earnálacha gaolmhara. Infheistíonn an gnólacht i roinnt aicmí sócmhainní malartacha, lena n-áirítear cothromas príobháideach trína Trident Funds suaitheanta. Bainistíonn Stone Point cistí creidmheasa leachtacha agus príobháideacha araon agus cuntais bhainistithe,

— Is gnólacht infheistíochta i gcothromas príobháideach é GTCR a bhfuil a cheanncheathrú sna Stáit Aontaithe. Tá GTCR dírithe ar infheistíocht i gcuideachtaí fáis sna tionscail Seirbhísí Airgeadais agus Teicneolaíochta, Cúram Sláinte, Teicneolaíocht, Meáin agus Teileachumarsáide agus Seirbhísí Gnó.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó Ultimus:

Is soláthraí riaracháin cistí neamhspleách é Ultimus atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, agus tairgeann sé réitigh lánseirbhíse le haghaidh riarachán cistí, cuntasaíocht cistí, gníomhaire aistriúcháin, agus seirbhísiú lároifige agus infheisteora, agus tacaíocht le haghaidh cistí cláraithe, cistí príobháideacha agus pleananna poiblí.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12007 — STONE POINT / GTCR / ULTIMUS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË